An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC 0010/2022**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

# Athruithe sealadacha ar an Scéim Sos Gairme do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta – Scoilbhliain 2022/23

## 1. Réamhrá

1.1 Mar fhreagairt ar cheisteanna a ardaíodh maidir le soláthar múinteoirí, tá srianta áirithe a cuireadh i bhfeidhm sa Scéim Sos Gairme ar fionraí le roinnt scoilbhlianta anuas. Cuireann an Nóta Faisnéise in iúl go bhfuil na srianta seo ar fionraí freisin don scoilbhliain 2022/23, le héifeacht ó dháta an Nóta Faisnéise seo.

1.2 Is féidir múinteoir atá ar Shos Gairme a fhostú anois, mar ionadaí amháin, gan na srianta atá curtha i bhfeidhm sa Scéim Sos Gairme mar atá i gCaibidil 7 (Alt 8.1) de Chiorclán 54/2019. Is féidir uaireanta páirtaimseartha a chur san áireamh freisin i gcás múinteora ar Shos Gairme a fhostaítear chun obair ionadaíochta a dhéanamh.

## 2. Socruithe Pá

2.1 Íocfar múinteoir atá ar Shos Gairme agus atá fostaithe mar ionadaí ag an ráta céanna le gnáth ionadaí.

## 3. Scaipeadh an Nóta Faisnéise

3.1 Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach ball den Bhord Bainistíochta/den Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird na múinteoirí agus na gcúntóirí riachtanas speisialta uile atá i do fhostaíocht, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

3.2 Is féidir an Nóta Faisnéise seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.gov.ie.

**Clare Butler**
**Príomhoifigeach**
**Aonad Múinteoirí/CRSanna -Téarmaí & Coinníollacha**

**6 Deireadh Fómhair 2022**